



# **Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

## **An Ardteistiméireacht 2012**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Ceimic**

**Ardleibhéal**



### Ba chóir na pointí a leanas a chur san áireamh agus an scéim mharcála á leanúint.

1. In go leor cásanna ní luaitear ach na nathanna mórrábhachtacha ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe nach mór a bheith i bhfreagra an iarrthóra d'fhoinn na marcanna a chuirtear i leith an fhreagra an ghnóthú.
2. Ní liosta críochnaitheach iad an cur síos, na modhanna oibre ná na sainmhínithe a luaitear sa scéim agus tá glacadh le freagraí bailí/cruinne eile.
3. Is sa chomhthéacs agus an modh ina gcuirtear an cheist a leagtar amach cé chomh mion agus is gá ceist a fhreagairt, chomh maith leis an lín marcanna a luaitear leis an bhfreagra ar an scrúdpháipéar agus d'fhéadfadh sin, mar sin, athrú ó bhliain go bliain maidir le cás ar bith.
4. Is léiriú an cló trom ar na pointí atá riachtanach i bhfreagra an iarrthóra. Cuirtear soladas dúbailte (//) idir pointí a dtugtar marcanna ar leith dóibh i gcuid den cheist. Is malairtí iad na focail, nathanna nó abairtí a gcuirtear soladas (/) eatarthu agus an glacadh céanna le haon cheann acu maidir le pointe ar leith. Is malairt focal nó nath faoi chló trom arna lua idir lúibíní a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó an nath a théann roimhe. Tabhair ar aird, ar a shon sin, ní mór focail, leaganacha cainte nó frásai a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.
5. Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nó le foirmle maidir le dul ní le comhdhúil ach amháin sa chás go n-iarrtar go sonrach an t-ainm ní an fhoirmle sa cheist a chuirtear. Ina ainneoin sin, i roinnt cásanna inarb é an t-ainm a iarrtar, is féidir glacadh leis an bhfoirmle mar mhalaire air sin.
6. Caillfear marc amháin i leith gach botúin uimhríochta i ríomh an iarrthóra.

## Scéim Mharcála Imlíneach

Freagair **ocht gceist** ar fad. *Ní mór dhá cheist ar a laghad* a fhreagairt as **Roinn A**.

### Roinn A

**Question 1** (a) MÍNIGH:  $3 + 2$ ; (b) DÉAN CUR SÍOS:  $4 \times 3$ , RÍOMH: 6; (c) (i) 3, (ii) 3; (d) AINMNIGH: 3, ATHRÚ:  $2 \times 3$ ; (e) RÍOMH: (i) 9, (ii) 3.

**Ceist 2** (a) TARRAING: 3, 3, 3, 2; (b) (i) 3, (ii) 3, (iii) 3; (c) TÁSTÁIL: 3,  $2 \times 3$ ; (d) SCRÍOBH: 6; (e) LÍON: 15.

**Ceist 3** (a) TABHAIR: 5; (b) (i)  $3 \times 3$ , (ii) 6; (c) MÍNIGH:  $2 \times 3$ ; (d) MÓL: 9,  $M_r$ : 6; (e) CÉN FÁTH: 3, CÉN: 6.

### Roinn B

#### Ceist 4

**Na hacht gceist is airde a fhaigheann scór le comhaireamh. Marc amháin breise le cur leis an gcéad dá mhír a bhfaigtear na marcanna is airde ina leith.**

(a) LUAIGH:  $2 \times 3$ ; (b) SCRÍOBH: 6; (c) SAINMHÍNIGH:  $2 \times 3$ ; (d) DÉAN IDIRDHÉALÚ:  $2 \times 3$ ; (e) COTHROMAIGH: 6; (f) LUAIGH:  $2 \times 3$ ; (g) CÉN FÁTH: 6; (h) AINMNIGH:  $2 \times 3$ ; (i) SAINMHÍNIGH: 6; (j) CAD:  $2 \times 3$ ; (k) A:  $2 \times 3$ ; B:  $2 \times 3$ .

**Ceist 5** (a) SCRÍOBH: 3+2; (b) SAIN: 6, LUAIGH: 3, MÍNIGH: 3; (c) CÚIS: 3; (d) (i) LUAIGH: 3, CAD: 3, (ii) AS:  $2 \times 3$ , TABHAIR: 3, (iii) CRUTH: 3, MÍNIGH: 3; (e) AN mBEIFEÁ:  $2 \times 3$ , COSAIN: 3.

**Ceist 6** (a) AINMNIGH:  $3 + 3 + 2$ ; (b) HIDREACARBÓN: 3, STRUCHTÚR: 3, TÁIRGE: 3, UIMHIR OCTÁIN: 3; (c) MÍNIGH: 3; AINMNIGH: 3, LUAIGH: 3; (d) (i) SAINMHÍNIGH:  $2 \times 3$ , AINMNIGH: 3; (e) RÍOMH: 12.

**Ceist 7** (a) CÚIS: 3, ÍDIÚ: 3, DÍ-IANÚ:  $3 + 2$ ; (b) CÉN FÁTH:  $5 \times 3$ , LUAIGH:  $2 \times 3$ ; (c) BUAIRT: 3, AINMNIGH: 6, MÍNIGH: 3; (d) TÁSTÁIL:  $2 \times 3$ .

**Ceist 8** (a) TABHAIR: (i) 5 (ii) 3; (b) MÍNIGH:  $2 \times 3$ , CAD:  $2 \times 3$ , SAINAITHIN: 6; (c) COMHDHÚIL: 3; (d) AINMNIGH:  $2 \times 3$ ; (e) DÉAN CUR SÍOS:  $3 \times 3$ , CÉN FÁTH: 3; (f) CÉ ACU: 3.

**Ceist 9** (a) SAINMHÍNIGH: 5, TARRAING:  $4 \times 3$ , BAIN ÚSÁID: 6, MARCÁIL:  $2 \times 3$ , COSAIN: 3; (b) SAGHAS: 3, DATHANNA: 6, MÍNIGH:  $3 \times 3$ .

#### Ceist 10

- (a) (i)  $4 + 3$ , (ii) MEICNÍOCHT:  $4 \times 3$ , LUAIGH: 6.
- (b) SAINMHÍNIGH, CAD:  $4 + 3$ , LUAIGH, MÍNIGH:  $2 \times 3$ , RÍOMH: (i) 6, (ii) 6.
- (c) (i) CÉN: 4, (ii) CÉ MHÉAD: 6, (iii) MAIS: 9, (iv) CAILLTEANAS: 6.

#### Ceist 11

- (a) CAD: 4, (ii) DÉAN CUR SÍOS:  $2 \times 3$ , (iii) MÍNIGH:  $2 \times 3$ , (iv) ROINNT, BEAG:  $2 \times 3$ , (v) TARRAING: 3.
- (b) SCRÍOBH: 6, RÍOMH: 12, LUAIGH, MÍNIGH:  $4 + 3$ .
- (c) A (i)  $4 \times 3$ , (ii)  $3 \times 3$ , (iii) 4.
- B (i) 4, (ii)  $2 \times 3$ , (iii)  $2 \times 3$ , (iv)  $3 \times 3$ .

## CEIST 1

- (a) MÍNIGH: is féidir é a thuaslagadh (úsáid) chun tuaslagán a dhéanamh de thiúchan (atá ar eolas) beacht / ní gá caighdeánú trí thoirtmheasctha (is féidir é a dhéanamh suas go díreach) // íon / cobhsaí /ainhidriúil (nach bhfuil hiodráitithe) / ní chailltear uisce (níl plúrú ann) / níl sé taislóch (níl sé tais-scópach) / ní néalaíonn sé / mais fhoirmle ard (móilíneach, mólarch) ( $M_r$ )

DHÁ CHEANN AR BITH: (3 + 2)

- (b) DÉAN: sruthlaigh (nigh) ó chlog-ghloine isteach in eascra agus tuaslaig // doirt (cuir leis) le tonnadóir (slat ghloine) i bhfleascán toirtmhéadach 500 cm<sup>3</sup> agus cuir leis a sruthlaitear ón eascra // cuir uisce dí-ianaithe\* leis go dtí go mbaineann bun an mheiniscis amach an marc (ar an leibhéal céanna) / léigh ag leibhéal na súl // cuir stopallán ann agus iompaigh bunoscionn roinnt uaireanta (ní “croith”)

CEITHRE CINN AR BITH: (4 × 3)

\*[Glac leis má bhíonn “uisce dí-ianaithe” in áit eile i gcur síos an iarrthóra.]

RÍOMH: 2.65 g

(6)

$$\frac{500 \times 0.05 \times 106^*}{1000} \quad (3) = \quad 2.65 \quad (3)$$

\* Ní mór suimiú a léiriú go nglacfaí leis gur sciorradh is cúis le hearráid.

- (c) (i) líon os cionn an mhairc agus mionathraigh leis an sconna / líon faoin marc agus cuir leis braon ar bhraon (3)  
(ii) sábháilteacht / ionas nach rachaidh an tuaslagán i do bhéal / sláinteas (3)
- (d) AINM.: táscaire (3)
- ATHRÚ: dath roimhe // dath ina dhiaidh (2 × 3)

Táscaire	Dath roimhe	Dath ina dhiaidh
Oráiste meitile	Oráiste (buí)	Dearg (bándearg)
Dearg meitile	Buí	Dearg (bándearg)
Buí meitile	Buí	Dearg (bándearg)
Gorm brómafeanóil	Gorm (corcra, corcairghorm)	Buí
Uaine bhrómaicréasóil	Gorm	Buí

[Marcanna nasctha - tá táscaire feiliúnach riachtanach chun marcanna a bhronnadh as dathanna meaitseáilte]

- (e) RÍOMH: (i) 0.12 M (9)

$$\frac{20.8 \times M_{\text{HCl}}}{2} = \frac{25 \times 0.05}{1} \quad (6)$$

$$M_{\text{HCl}} = 0.12 \quad (3)$$

- (ii) 4.38 / 4.39 g l<sup>-1</sup> (3)


$$0.12 \times 36.5^* = 4.38 \quad (3)$$

\* Ní mór suimiú a léiriú go nglacfaí leis gur sciorradh is cúis le hearráid.

NOTA: Caith le freagraí nach dtugtar go dtí dhá ionad dheachúlacha mar sciorrthaí.

## CEIST 2

(a) TARR.: eatánól ar olann ghloine (nó ábhar feiliúnach eile) suite i gceart



ocsáid alúmanaim

(3)

téite

(3)

socrú bailithe /  
bailiú os cionn uisce / ag úsáid umair (2)

Gan léaráid: – 3

(b) (i) nuair a bhaintear (stoptar, idirscoirtear) an teas / ag an deireadh (3)

(ii) súitear uisce fuar isteach sa triaileadán / scoilteann an triaileadán /tine / pléasc / gortú de bharr gloine bhriste (3)

(iii) bain seolfheadán ón uisce sula mbaintear an teas /  
scaoil stopallán sula mbaintear an teas (3)

(c) TÁSTÁIL: imoibrí a úsáidtear (3)

boilgearnach trí (croith le) // dath roimhe // dath ina dhiaidh DHÁ CHEANN AR BITH: (2 × 3)

Imoibrí a úsáidtear	Dathanna
Bróimín ( $\text{Br}_2$ ) uisce (tuaslagán) (3)	Dearg (oráiste, buí, donn) (3) go dtí éadathach [ní "glé"] (3) [Ceadaigh 3 mharc le haghaidh 'diddhathú']
Manganáit(VII)* aigéadaithe tuaslagán (3)	Corcra (corcairghorm, bán-dearg) (3) go dtí éadathach [ní "glé"] (3) [Ceadaigh 3 mharc le haghaidh 'diddhathú']

\*Do "manganáit(VII)" glac le "sármhanganáit," " $\text{KMnO}_4$ ," agus " $\text{MnO}_4^-$ ."

(d) SCRÍOBH:  $\text{C}_2\text{H}_5\text{OH} \longrightarrow \text{C}_2\text{H}_4 + \text{H}_2\text{O}$  (6)

[Glac le  $\text{Al}_2\text{O}_3$  os cionn saighde nó scríofa ar dhá thaobh na cothromóide.]  
[Ceadaigh do 3 mharc  $\text{C}_2\text{H}_5\text{OH} \longrightarrow \text{C}_2\text{H}_4$ ]

(e) LÍON: 8 dtriaileadán (15)

$2.4 \times 0.8 = 1.92$ g eatánól	(3)
$1.92 \div 46^* = 0.042$ (0.0417) mól eatánól = <b>0.042 (0.0417)</b> mól eitén	(3)
$0.042 (0.0417) \times 24000 = 1008$ (1002) $\text{cm}^3$ (3)	$60\% \text{ de } 0.042 (0.0417) = 0.0252$ (0.025) (3)
$60\% \text{ de } 1008$ (1002) = <b>605</b> (601) $\text{cm}^3$ (3)	$0.0252 (0.025) \times 24000 = 605$ (600) $\text{cm}^3$ (3)
$605$ (601 / 600) $\div 75 = 8$ dtriaileadán eitéine	(3)

\* Ní mór suimiú a léiriú go nglacfaí leis gur sciorradh is cúis le hearráid

Tabhair faoi deara: Cailltear 3 má úsáidtear 22.4 lítear mar thoirt mhólarach.

## CEIST 3

(a) TABH.: **própánón (aicéatón)** (56 °C) / **própánal** (49 °C) / **meatánól** (65 °C) / **tríchlórameatán {clóraform}** (61 °C) / **heacsán** (69 °C) / **leacht feiliúnach eile** (5)  
**[Glac le eatánól (78 °C), eatánóait eitile (77 °C), cioglaíheacsán (81 °C).]**  
**[Glac le foirmle].**

(b) (i) Gaireas A\*

**meáigh fleascán + feistis // téigh go dtí go n-imíonn an leacht ar fad (go dtí go mbeidh sé galaithe), fuaraigh, triomaigh agus athmheáigh //** is í an mhais **an difríocht (aimsigh an difríocht)**  
**nó**

Gaireas B\*

**meáigh steallaire beag + a bhfuil ann // insteallaigh leacht agus athmheáigh //** is í an mhais **an difríocht (aimsigh an difríocht)** (3 × 3)

(ii) Gaireas A\*

**lín fleascán le huisce agus doirt é ar fad i sorcóir tomhaiste (grádaithe)**  
**nó**

Gaireas B\*

**léigh** an toirt ó scála an **steallaire gáis** / aimsigh an **difríocht idir** an chéad **léamh** agus an **léamh** deiridh (6)

(c) MÍNIGH: **de bharr an mionpholl (i ngaireas A\*) //**  
**gal nochta leis (i dteagháil leis) an aer (atmaisféar) / soitheach oscailte don atmaisféar**

**nó**  
**tá an tumaire (i ngaireas B\*) saor le gluaiseacht (gluaiseann sé) //**  
**go dtí go n-éiríonn brú gaile chuig brú atmaisféarach (go dtí go mbíonn an brú taobh istigh agus taobh amuigh mar a chéile) / stopann an tumaire nuair a chothromáíonn an brú** (2 × 3)

N.B. Marcanna le bronnadh as **A** nó **B** agus ní as meascán; má thugann an t-iarrthóir freagraí don dá mhodh, marcáil astu iad agus bronn marcanna as an gceann is fearr.

(d) MÓL: **0.01076 [Ceadaigh 0.01 to 0.011 mól]**

(9)

<b>cothromóid staide (ceart)</b> (3)
<b><math>\frac{101 \times 10^3 \times 330 \times 10^{-6}}{8.3 \times 373}</math></b> (3)
<b>= 0.01076 to 0.011</b> (3)

<b><math>\frac{V_{seom}}{293^*} = \frac{330}{373}</math></b> (3)
<b><math>V_{seom} = 259 \text{ cm}^3</math></b> (3)
<b><math>259 \div 24000 = 0.0108</math></b> (3)

\*modh cosúil ag t.b.c.

$M_r$  : **57 go 63**

(6)

<b><math>0.63 \div 0.01076 \text{ go } 0.011</math></b> (3)
<b>= 57 to 63</b> (3)

(e) CÉN F.: **ní ghalaíonn sé go héasca / fiuchphointí ró-ard / fiuchphointí ró-ghar (níos airde ná) fiuchphointe uisce / fiuchphointí ró-ghar (níos airde ná) 100 °C (373 K) / caithfear galú faoi 100 °C** (3)

CÉN: **mais-speictriméadar**


(6)

## ROINN B

### Ceist 4

**Ocht mír a fhreagairt. Tugtar sé mharc do gach mír agus cuirtear marc amháin breise le gach ceann den chéad dá mhír a bhfaigtear na marcanna is airde ina leith.**

- (a) LUAIGH: (i) 5, (ii) 9 (2 × 3)



[Bronnfar marcanna má tá gach uimhir aisiompaithe]

- (c) SAINMH.: meánmhais ada(i)mh na dúile/meán na n-iseatóp agus flúirsí á geur san áireamh // i gcoibhneas le (bunaithe ar)<sup>1</sup>/<sub>12</sub> mais d'adamh carbóin-12 (2 × 3)

- (d) DÉAN IDIR.: sigme: ceannfhorluí (earrfhorluí) fithiseán // pí: taobh-fhorluí (ar an taobh) de p-fithiseáin (2 × 3)

[Is féidir marcanna a ghnóthú ó léaráid shoiléir. Ná ceadaigh ach 3 mharc má fhágtaí “fithiseáin” ar lár as ráitis nó mura gcuirtear lipéad orthu i léaráidi.]

- (e) COTHROM.: Cu + 2NO<sub>3</sub><sup>-</sup> + 4H<sup>+</sup> → Cu<sup>2+</sup> + 2NO<sub>2</sub> + 2H<sub>2</sub>O (6)

- (f) LUAIGH: tá comhlíonta (céanna) móilíní (cáithní, mól, adaimh) i gcomhthoirteanna gás { (do thriathgháis) } // faoi na coinniollacha (teocht agus brú) céanna (ní cheadaítear “gach” coinnioll) (ní ceadaítear “ag t.b.c.”) (2 × 3)

[Ceadaigh (3) le haghaidh ‘toirt mhólarach ag t.b.c. = 22.4 lítear.’]

- (g) CÉN FÁTH: éiríonn le níos mó imbhuailtí (cáithní, móilíní, imoibreán) fuinneamh gníomhachtúcháin a bhaint amach / tá níos mó imbhuailtí eifeachtach (6)

[Ceadaigh trí mharc le haghaidh ‘ardú sa lion [nó fuinneamh] imbhuailtí’]

- (h) AINMNIGH: (i) hidrigin // (ii) iain hidrocsaile (hidrocsaide, OH<sup>-</sup>) (2 × 3)

- (i) SAINMH.: an meánfhuinneamh a theastaíonn chun nasc a bhriseadh (chun mól amháin nasc a bhriseadh) agus chun na hadaimh a scaradh { ina n-adaimh aonair (shingle) nó sa staid ghásach } (6)

- (j) CAD: ocsáidiú (dianscaoileadh, díleá, briseadh síos) // bitheolaíochta (bithcheimiceach, ag miocrorgánaigh, ag baictéir, ag sludach gríosaithe) camrais (2 × 3)

- (k) A: Íseal: tá brainseáil ann a chuireann spás(anna) idir shlabhraí // Ard: fíorbheagán brainseála (ar bith), slabhraí níos gaire (spás beag idir shlabhraí) (2 × 3)

[Ceadaigh slabhraí níos gaire d’íseal agus slabhraí níos faide d’ard]


nó

- B Sciúr: aol (CaO) / aolchloch (CaCO<sub>3</sub>) // imoibríonn le (baineann) gáis aigéadacha dramhaíola (2 × 3)

[Is féidir a léiriú le cothromóid]

## CEIST 5

(a) SCRÍOBH:  $1s^2 2s^2 // 2p_x^2 2p_y^1 2p_z^1 /$



(3 + 2)

[*Glac leis le foscriteanna, agus  $2p_x^2 p_y^1 p_z^1$ . Féadfaidh an péire leictreon bheith in aon cheann de na fithiseáin p. Déanfaidh línte nó spotaí cús in ionad saigheada sna boscaí.*]

(b) SAINMH.: **leath an fhaid idirnúicléach / leath an fhaid idir láir na n-adamh // i nasc homanúicléach aonair / d'adaimh nasc aonair den dúil chéanna** (6)

LUAIGH: **laghdú i nga adamhach** (3)

MÍNIGH: **méadú i lucht núicléach éifeachtach (an líon protón)** (3)

(c) CÚIS: **méadú i lucht núicléach (an líon protón) / laghdú i nga adamhach** (3)

(d) (i) LUAIGH: **PH<sub>3</sub>** beagnach **neamhpholach** (fiorchomhfhíúsach) ach tá an **trí cinn eile** ina gcomhfhiúsach **polach** (3)

CAD: **fiorbheagán difríocht leictridhiúltachta (ar bith) in PH<sub>3</sub> (idir P agus H) ach difríochtaí leictridhiúltachta i bhfad níos mó sna trí cinn eile.** (3)


(ii) AS: **H<sub>2</sub>O // NH<sub>3</sub>** (2 × 3)

[*Bronn 6 mharc má thugtar H<sub>2</sub>O, NH<sub>3</sub> agus HCl*]

TABH.: **leáphointe / fiuchphointe / teannas dromchla / ribeadas / sainteas / teas folaigh comhleá / teas folaigh galaithe / dlús / intuaslagthacht in uisce** (3)

(iii) CRUTH: **pirimidiúil** (3)

MÍNIGH: éaradh idir **cheithre phéire leictreon (e.p.)**, dís aonair amháin (l.p.) /



éaradh idir **thrí nasc (díseanna nascacha, b.p.)** agus dís aonair (amháin) (l.p.) (3)

(e) AN mBEFEÁ: (i) Nasc B – Cl: **polach** // (ii) Móilín BCl<sub>3</sub>: **neamhpholach** (2 × 3)


COSAIN: **comhroinnt éagothrom leictreon (difríocht leictridhiúltachta) idir B agus Cl (polaraíocht nasc) curtha ar cheal de bharr siméadracht móilín(i) / tagann láir an luchta dhearfaigh agus dhiúltaih le chéile** (3)

## CEIST 6

- (a) AINMNIGH: (i) **díhidrichioglú (cioglaídíhidriginiú ) / athfhoirmiú //**  
(ii) **cnagadh catalaíoch //**  
(iii) **isiméiriú / athfhoirmiú** (3 + 3 + 2)

- (b) HIDREACARBÓN: **bút-1-éin (1-búitéin) / bút-2-éin (2-búitéin) / 2-meitiolpróipéin** (3)

STRUCHTÚR:  $\text{CH}_2=\text{CHCH}_2\text{CH}_3 / \text{CH}_3\text{CH}=\text{CHCH}_3 / \text{CH}_3\text{C}=\text{CH}_2 [(\text{CH}_3)_2\text{C}=\text{CH}_2]$



Glac le cioglabútán ( $\begin{array}{c} \text{CH}_2-\text{CH}_2 \\ | \\ \text{CH}_2-\text{CH}_2 \end{array}$  /  $\square$ ) & meitiolcioglapróipéin ( $\begin{array}{c} \text{CH}_2 \\ \diagup \\ \text{CH}_2-\text{CH}-\text{CH}_3 \end{array}$  /  $\square$ )

[Caithfidh an t-ainm agus an fhoirmle a bheith ag teacht le chéile. Má bhíonn an fhoirmle forbartha go hiomlán is féidir adaimh H a fhágáil ar lár.]

TÁIRGE: **2,2,4-trímheitilpeantán/ iosochtán** (3)

UIMHIR OCHTÁIN: **100** (3)

- (c) MÍNIGH: **ardú ar uimhir ochtáin / cosc ar uathadhaint (réamhadhaint, adhaint luath, adhaint roimh spréach, cnagadh, scealpadh)** (3)

AINMNIGH: comhdhúile **luaidhe** e.g. luaidhe teitreitile [Ceadagh beinséin] (3)


LUAIGH: **tocsaineach (nimhneach, guais sláinte do rudaí beo) / nimhíonn (déanann dochar de) tontairí catalaíocha / truaillíonn an comhshaol** (3)

*Níl nasc idir AINMNIGH & LUAIGH.*

- (d) SAINMHÍNIGH: fuinneamh a scaoiltear (athrú teasa) nuair atá **1 mhól** de shubstaint // **á dhó (imoibríonn) go hiomlán in ocsaigin / á dhó (imoibríonn) i mbarraíocht ocsaigine** (2 × 3)

AINMNIGH: **buama-chalraiméadar** (3)

- (e) RÍOMH: **- 224 kJ mól<sup>-1</sup>** (12)



*Ní theastaíonn cothromóidi*


$$\begin{aligned} \Delta H_{(\text{dóchán})} &= \Sigma \Delta H_{f(\text{táirgi})} - \Sigma \Delta H_{f(\text{imoibreáin})} \\ &= \Sigma \Delta H_{f(\text{táirgi})} - \{-3152 \text{ (3)} - 2574 \text{ (3)}\} = 5502 \text{ (3)} \\ \text{nó} &= \Sigma \Delta H_{f(\text{táirgi})} + 3152 \text{ (3)} + 2574 \text{ (3)} = 5502 \text{ (3)} \\ \text{nó} &= 5502 \text{ (3)} - 3152 \text{ (3)} - 2574 \text{ (3)} = -224 \text{ kJ} \text{ (3)} \end{aligned}$$

*[ní thuilleann +224 ach 3 mharc]*

## CEIST 7

(a) CÚIS: tuaslagadh **iain chailciam / hidrigincharbónáit cailciam / sulfáit cailciam / clóiríd cailciam / salann cailciam intuaslagtha eile / iain mhaignéisiam / hidrigincharbónáit maignéisiam / sulfáit maignéisiam / clóiríd mhaignéisiam / salann maignéisiam intuaslagtha eile** [Glac le foirmlí] (3)

ÍDIÚ: úsáidtear an ghallúnach in **imoibriú le hiain** chailciam agus mhaignéisiam chun screamh a thabhairt (3)



DÉ-IANÚ: téann trí roisín chun **iain dhearfacha (ian + ainmnithe)** a ionadú le **hiain hidrigine (H<sup>+</sup>)** // agus **iain dhiúltacha (ian - ainmnithe)** le **hiain hidrocsaile (hidrocsaíde) (OH<sup>-</sup>)** (3 + 2)

(b) CÉN FÁTH: (i) **mealladh (téachtadh, comhcheangal) cáithní mine (solaid)** //  
(ii) **maraíonn pataiginí {baictéir dhíobhálacha (miocrorgánaigh)}** / **steirilíonn** //  
(iii) **coisceann lobhadh fiaca / láidríonn cruan** //  
(iv) **ardaíonn pH** //  
(v) **íslíonn pH** (5 × 3)

LUAIGH: (i) beagán **contúirte don tsláinte / aigéadú / creimeadh / bíonn tionchar ar bhas / lobhadh fiaca** //  
(ii) **tocsaineach (nimhneach) / boladh clóirín / blas clóirín** //  
(iii) **tocsaineach (nimhneach) / smálaíonn sé (breacann) fiaca** //  
(iv) **pH ró-ard (róbhunata) / is cúis le cruan / tionchar ar bhas** //  
(v) **pH ró-íseal (ró-aigéadach) / creimeadh / lobhadh fiaca** DHÁ CHEANN AR BITH: (2 × 3)

(c) BUAIRT: **contúirt don tsláinte (tocsaineach, nimhneach)** / d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le mínormáltachtaí féatacha /galar minamata (3)

AINM.: **speictreascópacht ionsú adamhaigh (speictriméadracht ionsú adamhaigh)** (6)  
[Ceadaigh trí mharc do SIA(AAS)]

MÍNIGH: **deascadh / téachtadh / coimpléascú / asú / ionsú / cúlosmóis / malartú ian / dí-ianú** (3)

(d) TÁSTÁIL: **cuir níotráit airgid leis (AgNO<sub>3</sub>)** agus caol aigéad nítreach //  
foirmítear **deascán bán (ppt)** (2 × 3)  
[ppt bán nasctha leis an imoibrí ceart]

## CEIST 8

(a) TABHAIR: (i) **própán-2-ól / 2-própánól** (5)

[Cedaigh trí mharc as 'própánól']

(ii) **formáit próipil** (3)

(b) MÍNIGH: comhdhúile leis an **bhfoirmle mhóilíneach chéanna** //  
ach a bhfuil **struchtúir éagsúla (foirmlí struchtúrtha éagsúla)** acu /  
arna **eagrú go héagsúil i spás** (2 × 3)

CAD: **príomhúil:** RCH<sub>2</sub>OH / tá CH<sub>2</sub>OH ann / carbón amháin ceangailte as carbón OH /  
ar a laghad dhá H ceangailte as carbón OH / OH ar an gcarbón deiridh //

**tánaisteach:** RCHOHR<sup>1</sup> / tá CHOH ann / dhá charbón ceangailte as carbón OH /  
hidrigin amháin ceangailte as carbón OH (2 × 3)

SAIN.: **própánal agus própánón** (6)

(c) COMHD.: **A / alcól A / própán-2-ól / propán-1-ól** (3)  
[Cedaigh 'própánól']

(d) AINM.: **imoibrí: hidrigin** //  
**catalaioch: nicil / pallaidiam / platanam** (2 × 3)

[Glac le hidríd litiam alúmanain agus bóráihidríd sóidiam do 3 amháin. Glac le foirmlí.]

(e) DÉAN: **measc (cuir leis) méideanna cothroma Fehling A (1) agus Fehling B (2)** i dtriaileadán //  
**cuir leis beagán própánal** //  
**téigh / téigh go bog / cuir i bhfolcadán uisce** (is féidir é a fháil ó léaráid) //  
**tabhair faoi deara aon athrú / deascán dearg (ppt)** foirmithe / **ocsáid chopair(I)**  
(Cu<sub>2</sub>O) foirmithe / **athraíonn dath gorm** TRÍ CINN AR BITH: (3 × 3)

CÉN F.: **ní ocsádítear própánón go héasca /ní ocsádíonn imoibrí Fehling é / droch-dhí-oscaídeoir /**  
**Imoibrí Fehling ina oibreán ocsáidiúcháin an-lag (ró-lag mar oibreán ocsáidiúcháin)** (3)

(f) CÉ ACU: **B / eistear / eistear B / formáit eitile / HCOOC<sub>3</sub>H<sub>7</sub>** (3)

[Glac leis an eistear a tugadh i bhfreagra (a) (ii) fiú má tá sé mícheart.]

## CEIST 9

- (a) SAINMHÍNIGH: **athrú ar thiúchan in aghaidh an aonaid ama / ráta athraithe na tiúchana /  
athrú ar thiúchan  
am** (5)

TARRAING: Feic graf thíos.

**aiseanna arna lipéadú i gceart** [*Glac le “ham” nó “s”; “mais” nó “g”*] //  
**déantar aiseanna a scálú i gceart** //  
**pointí breactha i gceart** [*Glac leis go bhfuil (0,0) breactha i gceart*] //  
**cuar tarraigthe i gceart ón mbunphointe** (4 × 3)  
[*Tabhair faoi deara: sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, caithfear cruinneas a sheiceáil le rialóir.*]

- BAIN ÚS.: **2.0 × 10<sup>-3</sup> go 3 × 10<sup>-3</sup> g/s** (6)  
[*Ceadaithe 3 mharc le haghaidh tadhlaí*]

MARCÁIL: Feic graf thíos.

**cuar tarraigthe leis an méid seo a leanas:**  
**ardaíonn sé chuig leath na hairde** //  
**níl sé chomh géar ag an túis / éiríonn sé réidh níos déanaí** (2 × 3)

- COSAIN: **níl sé chomh géar ag an tosach de bharr tiúchan HCl níos ísle** //  
**éiríonn níos réidhe ina dhiaidh sin mar go bhfuil imoibriú níos moille de bharr tiúchan HCl níos ísle** // **ardaíonn sé chuig leath na hairde de bharr tiúchan HCl a bheith laghdaithe go leath a mhéid (déantar an HCl atá ann a laghdú do leath a mhéid)** CEANN AR BITH: (3)  
[*Caithfíodh sé comhfheagairt leis an ngné ábhartha den chuan.*]


- (b) SAGHAS: **aonchineálach** (3)

- DATH.: **bándearg go glas** //  
ar ais go **bándearg** (6)

- MÍNIGH: **bíonn an catalaíoch bándearg ag an túis (Co<sup>2+</sup>)** //  
glas de bharr foirmíú **idirmheánach (coimpléasc)** //  
**bándearg ag an deireadh mar go gcuirtear (scaoiltear, athfhoirmítear) ar ais catalaíoch (Co<sup>2+</sup>)** (3 × 3)

[*Nasc an dath go soiléir leis an gcatalaioch // dath leis an idirmheánach // agus dath le hathchóiriú catalaíoch do (3 x 3)*]

U.4.3 Ceist 9 (a): Graf



## CEIST 10

(a) (i) láithreacht nasc dúbailte (dísháithiú) //  
 atá saibhir i leictreon / ar féidir leis leictreoin a bhronnadh / atá ina núicléifil /  
 nasc pí lag (nasc pí níos éasca le briseadh) / ard-dlús leictreon (4 + 3)


(ii) MEICNÍOCHT:

polarú  $\text{Br}_2$  /  $\text{Br}^{\delta+}$  –  $\text{Br}^{\delta-}$  faoi thionchar nasc dúbailte //

agus ina dhiaidh sin eamhnú heitrealáioch / scoilteadh ina iain /  
 $\text{Br}^{+ \& (+)} \text{Br}^{-}$  //

ian brómóiniam curtha leis ( $\text{Br}^+$ ) trasna (chuig) an nasc dúbailte /  
 $\text{Br}^+$  curtha leis ag foirmiú idirmheánach droicheadaithe  
 (ian brómóiniam ciorclach)

[Le fail ó léaráid cheart. Glac le hian carbóniam áitiúil. Leis sin,  
 glac le hian brómóiniam ciorclach le lucht dearfach ar an  $\text{Br}^-$ ] //



ionsaí (cuir leis) ian bróimíde ( $\text{Br}^-$ ) ar idirmheánach droicheadaithe /  
 ionsaí (cuir leis) ian bróimíde ( $\text{Br}^-$ ) ar  $\text{Br}^+$  ciorclach /  
 ionsaí (cuir leis) ian bróimíde ( $\text{Br}^-$ ) ar ian carbóniam ( $\text{C}^+$ ) (4 × 3)  
 [Is féidir an t-eolas sa phointe seo a fháil ó léaráid (chothromóid) fheiliúnach chomh maith.]

LUAIGH: nuair atá núicléifilí ainmnithe (ainiain, iain dhiúltacha) i láthair (foinse núicléifeile mhalartach {e.g.  $\text{Cl}^-$  nó  $\text{NaCl}$  ( $\text{HCl}$ );  $\text{OH}^-$  nó  $\text{H}_2\text{O}$ }) agus táirge meaitseáilte sainaitheanta (6)  
 [Is féidir é a fháil ó shampla e.g. 2-bróimeatánól má tá (bróimín) uisce i láthair. Glactar le foirmí struchtúrtha.]

(b) SAINM.: deontóir protóin (ian hidrigine,  $\text{H}^+$ )  
 CAD: aigéad agus bun a bhfuil protón de dhifear eatarthu (ian hidrigine,  $\text{H}^+$ ) (4 + 3)  
 LUAIGH: corcra //  
 MÍNIGH: baineann iain hidrocsaile (hidrocsaíde) ( $\text{OH}^-$ ) iain hidrigine ( $\text{H}^+$ ) (2 × 3)  
 a chúisíonn bogadh ar aghaidh[ar dheis] an imoibriúcháin[cothromaíocht]

RÍOMH: (i) pH = 13.7 (6)

$\text{pOH} = -\log 0.5 = 0.3$ (3)	$[\text{H}^+] = 10^{-14} \div 0.5 = 2 \times 10^{-14}$ (3)
$\text{pH} = 14 - 0.3 = 13.7$ (3)	$\text{pH} = -\log 2 \times 10^{-14} = 13.7$ (3)

(ii) pH = 2.85 (6)

$\text{pH} = -\log \sqrt{2.0 \times 10^{-5} \times 0.1}$ (3)	$[\text{H}^+] = \sqrt{2.0 \times 10^{-5} \times 0.1}$ (3)
= 2.85 (3)	$\text{pH} = -\log [\text{H}^+] = 2.85$ (3)

(c) (i) CÉN: alúmanam / Al (4)

(ii) CÉ MH.: 0.0003 mól sulfair (6)

$$0.0096 \div 32 \quad (3) = 0.0003 \quad (3)$$

(iii) MAIS: 0.0054 g alúmanaim (9)

$$0.0003 \text{ mól S} \equiv 0.0003 \text{ mól Ag}_2\text{S} \quad (3) \equiv 0.0002 \text{ mól Al} \quad (3) = 0.0054 \text{ g Al} \quad (3)$$

(iv) CAILL: 0.0744 g caillte (6)

$$0.0003 \text{ mól S} \equiv 0.0003 \text{ mól Ag}_2\text{S} \quad (3) \times 248^* = 0.0744 \quad (3)$$

\* Ní mór suimiú a léiriú go nglacfaí leis gur sciorradh is cúis le hearráid.


## CEIST 11

(a) (i) CAD: núicléis (núicléas) héliam /  $\text{He}^{2+}$  / cáithnín ina bhfuil dhá phrótón agus dhá neodrón (4)

(ii) DÉAN: sféar (liathróid) le lucht dearfach (+) scaipthe tríd // le lectreoin leabaithe (scaipthe, poncaithe, curtha go randamach) ann

[Is féidir marcanna a ghnóthú ó léaráid lipéadaithe. Tá na focail “lectreo(i)n” agus “lucht dearfach (+)” ag teastáil i gcur sios nó léaráid.

Is féidir pointe/pointí a úsáid do lectreoin]




(iii) MÍNIGH: éartha //

nuaire a théann ina aice le (thar) núicléas {in aice le (thar) croílár dearfach (+) (lár)} (2 x 3)  
[Is féidir dhá 3 a fháil ó léaráid fheiliúnach.]

(iv) ROINNT: d'imbhuail le núicléas {croílár dearfach (+) (lár)} //

(iv) BEAG: núicléas {croílár dearfach (+) (lár)} an-bheag / an chuid is mó (beagnach ar fad) de mhais an adaimh tiubhaithe sa núicléas {croílár dearfach (+) (lár)} / is spás folamh an chuid is mó den (beagnach ar fad) adamh



(v) TARR: núicléas {mais lárnach (croílár) léirithe agus lipéadaithe le blaosc(anna) amháin (nó níos mó) de leictreoin (nó scamall leictreoin) léirithe agus lipéadaithe}

(3)

(b) SCRÍOBH: 
$$\frac{[\text{I}_3^-]}{[\text{I}_2][\text{I}^-]}$$
 (6)

RÍOMH:  $704.95 / 705 \text{ M}^{-1}$  (12)

$\text{I}_2 + \text{I}^- \rightleftharpoons \text{I}_3^-$			
Tosaigh	0.0800 M	0.2400 M	0.0000 M
Coth.	<b>0.0007 M (3)</b>	<b>0.1607 M (3)</b>	0.0793 M
<b><math>\frac{0.0793}{0.0007 \times 0.1607}</math></b>	(3)	=	<b><math>704.95 / 705</math> (3)</b>

LUAIGH: laghdaíonn tiúchan iain thrí-iaidíde


MÍNIGH: gluaiseann imoibriú siar (i dtreo an chúil, ar chlé) chun tiúchan iaidín a aischtur (ardú) (4 + 3)  
[freagraí naschta]

Ceist 11 ar lean/

- (c) A (i) téamh (díleá) báicsíte le hiodrocsáid sóidiam ( $\text{NaOH}$ ) //  
chun alúmanáit sóidiam intuaslagtha ( $\text{NaAlO}_2$ ) a tháirgeadh //  
síolú le criostail tríhiodráit ocsáid alúmanaim ( $\text{Al}_2\text{O}_3 \cdot 3\text{H}_2\text{O}$ ) //  
deascadh tríhiodráit ocsáid alúmanaim ( $\text{Al}_2\text{O}_3 \cdot 3\text{H}_2\text{O}$ ) /  
alúmanáit sóidiam ( $\text{NaAlO}_2$ ) a thiontú ina tríhiodráit ocsáid alúmanaim  
( $\text{Al}_2\text{O}_3 \cdot 3\text{H}_2\text{O}$ ) //  
téamh chun uisce a bhaint ó  $\text{Al}_2\text{O}_3 \cdot 3\text{H}_2\text{O}$

CEITHRE CINN AR BITH: (4 × 3)

- (ii) anóid(i) graifíte lipéadaithe //



- catód graifíte lipéadaithe //

alúmana leáite agus  
criólít lipéadaithe

(3 × 3)

[Gan léaráid: – 3]

- (iii) sábháiltear fuinneamh / níos saoire / seachnaítear bruscar / coisctear caillteanas  
alúmanam / caomhnaítear acmhainní nádúrtha (4)

- B (i) in umair ola a shruthlú (sciúradh) / mar atmaisféar támh / chun bia a leasú /  
chun bia a choinneáil úr / i bpacáistiú bia (brioscáin) / os cionn gáis (ola, nithe inlasta)  
i dtancaeir (á n-iompar) / i dtáirgeadh gloine / i dtáirgeadh leathsheoltóra (micrishlise)  
/ chun ocsaigin atmaisféarach a chaolú / táirgeadh amónia (úiré, aigéad  
nítreach, leasachán) (4)

- (ii) nasc ardfhuinnimh (láidir, deacair le briseadh) //

neamhpholach //

nasc triarach

DHÁ CHEANN AR BITH: (2 × 3)


- (iii) tiantú nítrigin atmaisféarach //

chuig comhdhúile úsáideacha (imoibríoch go ceimiceach) (2 × 3)


- (iv) soláthraíonn tintreach an teas mór (fuinneamh) a theastaíonn chun gás nítrigine a dhó //

nascann nítrigin le hocsaigin chun ocsáid nítrigine(II) ( $\text{NO}$ ,  
ocsáid nítreach, aonocsáid nítrigine) a tháirgeadh /  $\text{N}_2 + \text{O}_2 \rightarrow 2\text{NO}$  //

nascann NO le hocsaigin chun ocsáid nítrigine(IV) ( $\text{NO}_2$ , dé-ocsáid nítrigine) a  
tháirgeadh /



nascann  $\text{NO}_2$  le taise ( $\text{H}_2\text{O}$ ) chun nítrít [níotráit] a tháirgeadh /



TRÍ CINN AR BITH: (3 × 3)

[Ní gá cothromóidi a chothromú.]





